An Coimisiún Eorpach

Jean Monnet: an fórsa comhaontaithe laistiar de ghiniúint an Aontais Eorpaigh

Jean Monnet 1888 - 1979

Thiomnaigh an comhairleoir Francach polaitiúil is eacnamaíoch é féin do chúis an lánpháirtithe Eorpaigh. Eisean a spreag 'Plean Schuman', lenar cinneadh ar thionscal trom iarthar na hEorpa a chumasc.

Ba as réigiún Cognac na Fraince Monnet. Nuair a d'fhág sé an scoil in aois a 16 thaistil sé go tíortha éagsúla mar thrádálaí cognac, is níos déanaí freisin mar bhaincéir. I rith an dá chogadh dhomhanda bhí poist ardleibhéil aige a bhain le comhordú na táirgeachta tionsclaíochta sa Fhrainc agus sa Ríocht Aontaithe.

Agus é ina chomhairleoir tábhachtach do rialtas na Fraince, ba eisean an príomhspreagadh laistiar de 'Dhearbhú Schuman' cáiliúil an 9 Bealtaine 1950, rud faoi deara an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach a chruthú, agus a áirítear mar dháta breithe an Aontais Eorpaigh. Idir 1952 agus 1955 ba eisean céad-uachtarán chomhlacht feidhmiúcháin an Chomhphobail.

Cúlra

Rugadh Jean Omer Marie Gabriel Monnet an 9 Samhain 1888 i gcathair Cognac na Fraince. Lig a athair lena ais gur mhaith a d'oiriúnaigh scileanna neamhghnácha idirphearsanta a mhic é do ghairmréim sa ghnó idirnáisiúnta, agus chuir sé go Londain é le hoibriú i ngnó trádála cognac an teaghlaigh, nuair a chríochnaigh sé an scoil in aois a 16. Agus dáiríre, thaistil sé an domhan mar fhear gnó a raibh meas agus rath air tar éis na luath-thaithí sin.

An Chéad Chogadh Domhanda

Diúltaíodh a iarratas dul isteach san arm i 1914, ar chúiseanna sláinte. Le fónamh dá thír ar shlí eile, rinne sé teagmháil le rialtas na Fraince agus moladh aige an soláthar cogaidh a chomhordú níos fearr leis an mBreatain. Glacadh leis an moladh sin, agus rinne Uachtarán na Fraince idirghabhálaí eacnamaíoch idir an Fhrainc agus a comhghuaillithe de.

Toisc gur léirigh sé an-chumas gairmiúil le linn an chogaidh, ainmníodh ina Leas-Ardrúnaí ar Chonradh na Náisiún é nuair a cruthaíodh é sin i 1919, in aois a 31 dó. Nuair a d'éag a athair i 1923 d'fhill sé ar Cognac agus d'éirigh leis rath a chur ar ais i ngnó an teaghlaigh, a bhíodh ag meath. Sna blianta ina dhiaidh sin, de bharr a thaithí san airgeadas idirnáisiúnta, d'éirigh sé gafa le hatheagrú an airgeadais náisiúnta i roinnt tíortha in oirthear na hEorpa, amhail an Rómáin agus an Pholainn, chomhairlíodh sé rialtas na Síne mar chabhair chun a líonra bóithre iarann a atheagrú, agus chabhraigh sé chun banc a bhunú in San Francisco.

An Dara Cogadh Domhanda

Ag tús an Dara Cogadh Domhanda, thairg Monnet a sheirbhísí athuair dá thír is bhí ina uachtarán ar Choiste Franc-Bhriotanach a bunaíodh le cónascadh chumas táirgthe an dá thír a chomhordú. D'áitigh sé ar na ceannairí Briotanacha agus Francacha, Churchill agus de Gaulle, aontas iomlán polaitiúil idir an dá thír a chruthú le troid in aghaidh an Naitsíochais, ach theip ar an bplean ag an nóiméad deireanach.

Plean Monnet

Ina dhiaidh sin thairg Monnet a sheirbhísí do rialtas na Breataine, a sheol chuig na Stáit Aontaithe é le ceannach an tsoláthair chogaidh a mhaoirsiú. Chuaigh sé i bhfeidhm ar Uachtarán Roosevelt Mheiriceá, is níorbh fhada go raibh sé ina chomhairleoir inmhuiníne aige, agus spreag sé é le cur le cumas táirgthe an trealaimh mhíleata fiú sular tháinig SAM isteach sa chogadh.

I 1943, bhí Monnet ina bhall de Choiste na Fraince don tSaoirse Náisiúnta, rialtas de facto na Fraince a bhí ar deoraíocht i gCathair na hAilgéire. Sin í an uair a léirigh sé go hoscailte a aisling d'aontú na hEorpa leis an tsíocháin a fháil ar ais is a chaomhnú. Ag cruinniú den choiste sin an 5 Lúnasa 1943, dhearbhaigh Monnet: "Ní bheidh aon síocháin san Eoraip má athdhéantar na stáit ar bhonn an cheannais náisiúnta... Tá tíortha na hEorpa róbheag chun an rath agus an fhorbairt shóisialta is gá a ráthú dá gcuid pobal. Ní mór do stáit na hEorpa cónaidhm a dhéanamh díobh féin..." I 1944 chuaigh sé i bhfeighil ar an bplean um athchóiriú agus forbairt náisiúnta d'fhonn geilleagar na Fraince a athbheochan agus an tír a atógáil tar éis an chogaidh.

Tosaíonn Jean Monnet an chéad táirgeadh d'iarann teilgthe faoin gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach.

Dearbhú Schuman

Nuair a glacadh lena phlean agus a cuireadh i bhfeidhm é, lig sé lena ais nach raibh atógáil agus lánpháirtiú na hEorpa ag dul chun cinn chomh tapa agus ab áil leis, agus sa tslí a bhí ceart, dar leis. Agus an teannas idirnáisiúnta ag méadú, d'aithin Monnet gur mhithid céimeanna dáiríre i dtreo na haontachta Eorpaí a ghlacadh agus thosaigh sé féin agus a fhoireann ag obair ar choincheap comhphobail Eorpaigh. An 9 Bealtaine 1950, thíolaic Robert Schuman, Aire Gnóthaí Eachtracha na Fraince, an rud dá ngairtear 'Dearbhú Schuman' air in ainm rialtas na Fraince. Monnet a thionscain agus a d'ullmhaigh an Dearbhú, a mhol táirgeadh uile guail agus cruach na Gearmáine is na Fraince a chur faoi Ard-Údarás amháin. Ba é an bunsmaoineamh laistiar de sin go gcoscfaí aon chogadh feasta dá roinnfeadh an dá thír ba chumhachtaí ar an Ilchríoch táirgeadh na n-acmhainní sin eatarthu. Óir tháinig freagraí dearfacha ó rialtais na Gearmáine, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Beilge agus Lucsamburg, leag an dearbhú sin bonn an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, réamhtheachtaí Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin.

Nuair a theip ar chruthú 'Comhphobail Eorpaigh um Chosaint' i 1954, bhunaigh Monnet an 'Coiste Gníomhaíochta do Náisiúin Aontaithe na hEorpa'. Chun spiorad an lánpháirtithe Eorpaigh a athbheochan a bunaíodh an coiste, is níorbh fhada go raibh sé ar na príomhfhórsaí spreagtha don iliomad cor i lánpháirtiú na hEorpa amhail an Cómhargadh, an Córas Airgeadaíochta Eorpach, cruinnithe mullaigh na Comhairle Eorpaí agus toghadh Pharlaimint na hEorpa le vótáil chomhchoiteann dhíreach.

Bíodh gur chríochnaigh sé a chuid oideachais fhoirmiúil in aois a 16 agus in ainneoin na n-ainneoin, is iomaí ról a thóg Jean Monnet: fear gnó idirnáisiúnta, airgeadaí, taidhleoir agus státaire. Níor toghadh riamh in aon oifig phoiblí é, ámh, agus mar sin ní raibh de chumhacht pholaitiúil fhoirmiúil aige riamh a dhearcadh a bhrú ar aghaidh. Is trína bhua argóna agus áitimh a thug sé ar cheannairí na hEorpa oibriú le chéile ar son a gcomhleasanna agus tairbhe an chomhair a thuiscint.